Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

NUACHTLITIR THREORACH OIDE

Fáilte go dtí dara nuachtlitir Threorach Oide do 2024-2025 agus muid ag druidim le séasúr na féile.

Mí na Nollag 2024

Mar Fhoireann Treorach, leantar lenár dtiomantas do Chláir Threorach agus do Phleanáil Treorach don Scoil Uile a fhorbairt agus tacú leo.

Tá deireadh tagtha lenár n-Eispéiris Foghlama Ghairmiúla phearsanta dar teideal Clár Treorach Sofhreagrach agus Éifeachtach a Phleanáil ar fud Chontanam na Foghlama. Tá tús curtha againn leis an seachadadh ar líne i mBéarla agus i nGaeilge araon, agus táimid fíorbhuíoch as fuinneamh agus cumas na rannpháirtithe a léargais a thabhairt dúinn agus as an gcomhoibriú a thagann leis sin.

Tá ríméad orainn fáilte a chur roimh Niamh Uí Thuama ár gComhlach Treorach nua a chabhraíonn le Leagan Gaeilge de cheardlanna agus de sheimineáir ghréasáin a chur ar fáil. Tá Niamh lonnaithe i gColáiste Ghobnatan, Baile Mhúirne. Cuireann ceapachán Niamh go mór lenár bhfoireann agus go háirithe do Threoirchomhairleoirí atá lonnaithe i Scoileanna Gaeltachta agus i nGaelcholáistí ar fud na tíre.

I measc phríomhghnéithe na nuachtlitreach seo, áirítear iad seo:

- Tugann Daniel McFarlene, Bainisteoir Rochtana le Cumann Ollscoileanna Éireann roinnt leideanna tábhachtacha dúinn le haghaidh láithreoireachtaí seomra ranga do Chláir DARE/HEAR.

- Ó tharla go bhfuil suim ag go leor dár gcuid scoláirí i gCúram Sláinte Comhaontaithe, tugtar suntas d'athrú mór maidir le hiontráil go hOllscoil Uladh do Mheán Fómhair 2025, óir ní mór d'iarratasóirí tabhairt faoi MSAT (Tástáil Iontrála Roghnaithe Míochaine) Uladh.

- Tá Laochra Tógála ar na gnéailt deiridh san eagrán seo le naisc chuig trí fhíseán den scoth a léiríonn deiseanna i réimse na tógála. Tá feachtas ar na meáin shóisialta tríd an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun fáil réidh leis na miotais faoin gcuma atá ar shlí bheatha san fhoirgníocht i ndáiríre.

COMHAIRLE Ó DANIAL MCFARLANE BAINISTEOIR ROCHTANA, CUMANN OLLSCOILEANNA ÉIREANN: TACAÍOCHT DO THREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ MAIDIR LE HIARRATAIS DARE AGUS HEAR DO 2025-26

Mar threoirchomhairleoirí, is féidir le bhur dtacaíocht a bheith ríthábhachtach do scoláirí atá ag tabhairt faoi phróiseas iarratais DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas) agus HEAR (Bealach Rochtana Ardoideachais). Fuair mise an taithí saoil a bhí agam, a bheith ar an gcéad duine i mo theaghlach a chuaigh ar aghaidh chuig an ardoideachas tríd an scéim HEAR, a bhuí leis an treoirchomhairleoir tacúil a bhí agam ag cabhrú liom. Anois, mar Bhainisteoir Rochtana ar na scéimeanna DARE agus HEAR, tá fonn orm na huirlisí sin a thabhairt do ghairmthreoraithe a chinnteoidh gur féidir leo cabhrú leis na scoláirí is mó gá dul ar aghaidh chuig an ardoideachas trí na scéimeanna DARE agus HEAR.

Cuireann an nuachtlitir seo treoir struchtúrtha ar fáil chun cabhrú leat cuir i láthair a thabhairt sa seomra ranga a mbeidh tionchar acu agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Le chéile, is féidir linn cabhrú le scoláirí agus le teaghlaigh earraíocht iomlán a bhaint as na scéimeanna seo, rud a chuirfidh lena rochtain ar dheiseanna ardoideachais. Féach ar Rochtain ar Choláiste chun tuilleadh eolais a fháil.

Leideanna agus Seifteanna le húsáid i láithreoireachtaí Seomra Ranga do Chláir DARE/HEAR

Tá sé riachtanach scoláirí a mhealladh go luath sa scoilbhliain le cuir i láthair struchtúrtha chun próisis iarratais DARE agus HEAR a shoiléiriú. Beag beann ar an bpróifíl shóisialta ná ar na riachtanais shóisialta atá sna suíomhanna scoile éagsúla, cabhraíonn sé le cleachtas cuimsitheach go mbíonn cur i láthair iomlán seomra ranga ag gach scoláire a chlúdaíonn an scéim DARE agus HEAR.

Déantar é sin chun a chinntiú go bhfaigheann gach duine an fhaisnéis chéanna, beag beann ar a gcáilitheacht thoimhdithe. Seo thíos struchtúr molta:

1. Cothromas in aghaidh Comhionannais a chur i láthair

Cuir tús leis an gcur i láthair le ‘seisiún cur in aithne’ chun cabhrú le scoláirí machnamh ar inrochtaineacht san ardoideachas. Trí spreagadh a thabhairt, mar shampla, "Cé a cheapann go mbíonn an deis chéanna ag gach duine freastal ar an ardoideachas in Éirinn?" is féidir cabhrú le plé a thosú faoi chúrsaí cothromais. Leagann an ghníomhaíocht thapa, dhá nóiméad seo béim ar chuspóir DARE agus HEAR, a bhfuil sé mar aidhm acu bearnaí a dhúnadh do scoláirí a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha nó ar dhúshláin a bhaineann le míchumas.

2. Úsáidtear an Cur i Láthair, Rochtain ar Choláiste

Bain úsáid as an gcur i láthair oifigiúil "Rochtain ar Choláiste" chun a chinntiú go bhfaigheann scoláirí forléargas cuimsitheach ar DARE agus HEAR. Tugann an acmhainn seo faisnéis riachtanach ar gach clár, riachtanais cháilitheachta, agus céimeanna sna hiarratais, rud a chuidíonn go mór le scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcabhraíonn na scéimeanna seo lena spriocanna oideachais. Is féidir an nasc chuig na cuir i láthair seo a fháil ar shuíomh gréasáin Rochtain ar Choláiste.

3. Tabhair cuireadh d'Iar-Scoláirí a bhí Incháilithe

Tabhair cuireadh d'iarscoláirí ar glacadh leo trí DARE nó HEAR a dtaithí a roinnt. Tríd an bhfíorthaithí is féidir scoláirí reatha a mhealladh agus a spreagadh, ag tabhairt léargas intuigthe ar an gcaoi a ndeachaigh na cláir i bhfeidhm go dearfach ar a saol. Is féidir leis na céimithe seo a bheith ina samplaí praiticiúla, ag cabhrú le scoláirí a rath féin a shamhlú.

4. Bog ar shiúl ó Dhearcadh an Charthanais
Cuirtear DARE agus HEAR i láthair mar dhlúthchuid d'aistriú sochaíoch níos mó i dtreo an chomhionannais, seachas mar thionscnaimh charthanachta. Tá na cláir seo ann chun cothrom na Féinne a chruthú, deis chothrom a thabhairt do gach scoláire go n-éireoidh leo san ardoideachas.

5. Léirítear Saol an Champais agus Deiseanna Taobh Amuigh de Phointí
Spreagtar na scoláirí chun smaoineamh lasmuigh de phointí na hArdteistiméireachta agus díriú ar an réimse deiseanna atá ar fáil san ardoideachas. Pléitear gnéithe éagsúla de shaol an champais, lena n-áirítear socrúcháin phoist, cláir staidéir thar lear, scoláireachtaí, agus pobal tacúil campais. Cuidíonn sé seo le scoláirí féachaint ar DARE agus HEAR mar gheataí chuig eispéireas ollscoile leathan.

6. Socraigh Ionchais Réalaíocha
Cé go dtugann DARE agus HEAR tacaíocht shuntasach, ná gealltar torthaí dochreidte. Nuair a thagann ceist chun cinn agus nuair nach bhfuil tú cinnte faoin bhfreagra, léirigh cur chuige comhoibríoch: tabhair tasc amháin don scoláire (ar nós doiciméad a aimsiú) agus tabhair ceann duit féin. Tagaigí le chéile arís chun na torthaí a phlé. Is féidir leis an gcur chuige seo a bheith úsáideach go háirithe agus sonraí iarratais á láimhseáil, cosúil le riachtanais doiciméadúcháin DARE.

7. Cumasaigh Scoláirí chun Cláir a Chur i Láthair sa Bhaile
Is minic a bhíonn faisnéis íogair ag teastáil in iarratais DARE agus HEAR, amhail ioncam teaghlaigh (HEAR) nó sonraí maidir le míchumais (DARE). Cuir straitéisí ar fáil do scoláirí chun na topaicí seo a ardú sa bhaile go measúil agus go héifeachtach, ag cabhrú leo tuiscint a fháil ar na buntáistí fadtéarmacha a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

Treoirlínte maidir le Cumarsáid a dhéanamh le Tuismitheoirí agus le Páirtithe Leasmhara Seachtracha maidir leis na scéimeanna DARE/HEAR
Tá tacaíocht do thuismitheoirí ríthábhachtach d'iarratais rathúla DARE nó HEAR. Agus tú ag obair le tuismitheoirí agus le comhpháirtithe seachtracha, smaoinigh ar na treoirlínte seo:

1. Déan Cumarsáid ó Bhéal le Tuismitheoirí & Páirtithe Leasmhara
I gcás plé íogair, is minic a bhíonn comhráite teileafóin níos éifeachtaí ná ríomhphost. Tugann an cur chuige seo deis do thuismitheoirí ceisteanna a chur go díreach, rud a chabhraíonn leo tuiscint níos fearr a fháil ar chuspóir agus ar riachtanais na gclár.

2. Treoraigh Tuismitheoirí ag Úsáid an Leabhráin
Cuir leabhrán eolais DARE/HEAR ar fáil do thuismitheoirí , a chlúdaíonn gach rud ó chritéir incháilitheachta go treoirlínte doiciméadúcháin. Le linn gach glao, treoraigh tuismitheoirí chuig rannóga ar leith agus spreag iad chun nótaí a bhreacadh síos, ag cinntiú go mbraitheann siad eolasach agus muiníneach as cabhrú lena bpáiste.

3. Cuir le Líonraí Tacaíochta Scoile
Comhoibrigh leis an Oifigeach Idirchaidrimh Baile Scoile nó Oifigeach Críochnaithe Scolaíochta nó le Comhordaitheoir RBO má tá caidreamh acu cheana féin leis an scoláire nó leis an teaghlach. D'fhéadfadh an nasc seo a bheith thar a bheith tairbheach agus scoláire incháilithe DARE/HEAR á dtreorú tríd an bpróiseas iarratais.

4. Tabhair aghaidh ar ábhair imní choiteanna go luath
D'fhéadfadh imní a bheith ar thuismitheoirí maidir le príobháideachas go háirithe maidir le nochtadh ioncaim. Cuir iad ar a suaimhneas nach n-úsáideann HEAR ach faisnéis airgeadais chun incháilitheacht do HEAR a mheas agus nach roinneann nó nach n-úsáideann siad í lasmuigh den chuspóir sin.

5. Tábhacht an Doiciméadúcháin a Shoiléiriú
A chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le cáipéisíocht chruinn a chur isteach faoi na spriocdhátaí sonraithe. Tá an chéim seo ríthábhachtach, toisc go bhféadfadh doiciméid chaillte nó neamhiomlána difear a dhéanamh d'incháilitheacht an scoláire.

6. Déan comhordú le hOifigí Rochtana & Míchumais
Is féidir le d'Oifig Rochtana agus Míchumais áitiúil in institiúidí ardoideachais a bheith ina hacmhainn luachmhar. Téigh i dteagmháil leo chun treoir agus tacaíocht bhreise a fháil, tá siad réidh chun cabhrú leat féin agus le do scoláirí tríd an bpróiseas iarratais. Faigh a gcuid sonraí teagmhála ar shuíomh gréasáin Rochtain ar Choláiste faoi na Coláistí Rannpháirteacha.

7. Tá an-tábhacht le cumarsáid thráthúil le páirtithe leasmhara seachtracha
Tá cumarsáid thráthúil le hoifigí seachtracha, amhail na Coimisinéirí Ioncaim, Intreo, nó seirbhísí leighis agus síceolaíochta, riachtanach chun doiciméid riachtanacha a fháil do DARE. Socraigh ionchais agus spriocdhátaí soiléire leis na hoifigí seo chun moilleanna sa phróiseas iarratais a chosc.

8. Lean Timthriall Rannpháirtíochta DARE/HEAR
Tá céimeanna tábhachtacha ag an bpróiseas iarratais DARE/HEAR i rith na scoilbhliana:

- Roimh an Nollaig: Cuir i láthair DARE agus HEAR agus tosaigh a bhailiú na ndoiciméad.
- Bliain Nua: Fíoraigh na doiciméid bhailithe, cabhraigh le scoláirí le hiarratais ar líne (le bheith istigh 1 Feabhra), agus cinntigh go gcuirtear doiciméid isteach i bhfad roimh spriocdhátaí

Mar threoirchomhairleoirí, tá bhur dtacaíocht fíorluachmhar chun cabhrú le scoláirí tabhairt faoi phróiseas iarratais DARE agus HEAR. Trí chur i láthair éifeachtach sa seomra ranga agus trí chumarsáid oscailte le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara, is féidir leat a chinntiú go bhfuil an tacaíocht a theastaíonn uathu ag scoláirí chun leas a bhaint as na tacaíochtaí a thugann an scéim DARE agus HEAR. Trí oibriú le chéile, is féidir linn cabhrú le bealaí chuig an ardoideachas a chur ar fáil do gach scoláire atá incháilithe, iad a ullmhú le haghaidh todhchaí rathúil san ardoideachas agus níos faide anonn.

Go raibh maith agaibh as bhur ndúthracht agus bhur dtiomantas leanúnach.

Daniel McFarlane
Bainisteoir Rochtana
Cumann Ollscoileanna Éireann



Tá athrú tagtha ar an modh roghnaithe iarrthóirí do chláir laistigh de Scoil na nEolaíochtaí Sláinte in **Ollscoil Uladh** dóibh siúd atá ag iarraidh dul isteach i Meán Fómhair 2025.

FLe haghaidh iontráil Mheán Fómhair 2025, ní mór d'iarratasóirí tabhairt faoi MSAT (Tástáil Iontrála Roghnaithe Míochaine) Uladh; triail úrnua arna hóstáil ag ACER a úsáidtear chun iarrthóirí a ghearrliostú chun críocha tairiscintí a dhéanamh.

Beidh feidhm aige seo maidir leis na cláir seo a leanas:

- Diagnóisic
- Radagrafaíocht agus Íomháú
- Teiripe Shaothair
- Fisiteiripe
- Cosliacht
- Radaiteiripe agus Oinceolaíocht
- Teiripe Urlabhra agus Teanga

D'fhógair an fhoireann Iontrála é seo ag Comhdháil NISCA (Seirbhís Thuaisceart Éireann do Chomhairleoirí Gairmthreorach) Samhain 2024.

Táthar ag súil go mbeidh an triail ar siúl Dé Sathairn an 8ú agus Dé Domhnaigh an 9ú Márta 2025 ag Campas Dhoire agus Campas Bhéal Feirste, cé go bhfuil siad sin fós le deimhniú.

Gheobhaidh iarratasóirí ar na cláir thuas ábhair ullmhúcháin (ceisteanna samplacha / leabhrán eolais) tar éis spriocdháta iarratais UCAS an 29 Eanáir.

D'fhoilsigh foireann Iontrála Ollscoil Uladh suíomh gréasáin Ceisteanna Coitianta a bhaineann go sonrach le tástáil MSAT Uladh do chomhairleoirí gairmthreorach agus d'iarratasóirí ionchasacha.

Níl aon athrú ar phróiseas roghnúcháin na n-iarrthóirí dóibh siúd a dhéanann iarratas ar na cláir seo a leanas ón mbliain roimhe sin:

Agallamh Físeáin ar Líne
Altranas do Dhaoine Fásta
Altranas Meabhairshláinte

In-Person Interview
Community Youth Work
Paramedic Science
Pharmacy
Social Work

Agallamh ar Líne (Microsoft Teams)
Diaitéitic

Conán Meehan
Oifigeach For-rochtana & Earcaíochta Scoláirí Rannpháirtíocht sa Mhargadh
T: +44 (0) 28 9536 5806
E: c.meehan@ulster.ac.uk

Le haghaidh ceisteanna faoi Thástáil MSAT Uladh, déan teagmháil le:

Nuala Quinn, Bainisteoir Iontrála, Campas Bhéal Feirste **n.quinn1@ulster.ac.uk**

June Johnston, Comhordaitheoir Iontrála, Campas Bhéal Feirst **j.johnston@ulster.ac.uk**

Le haghaidh ceisteanna ar Dhiaitéitic / Cógaisíocht, déan teagmháil le:
Martin Smith, Bainisteoir Iontrála, Campas Chúil Raithin - Diaitéitic / Cógaisíocht **m.smith@ulster.ac.uk**

Le haghaidh ceisteanna faoi Altranas, Eolaíocht Pharaimhíochaine agus Obair Shóisialta, déan teagmháil le:
Sinead Cassley, Bainisteoir Iontrála, Campa Dhoire Altranas, Eolaíocht Pharaimhíochaine agus Obair Shóisialta **s.cassley@ulster.ac.uk**

Tionscnamh de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta is ea Laochra Tógála.

Tá athrú ar shaol na tógála agus d'éirigh sé nua-aimseartha le blianta beaga anuas.

Tá poist san earnáil anois nach raibh ann deich mbliana ó shin, agus fágann gealltanais an Rialtais go dtógfar níos mó tithe go mbeidh gairmeacha inbhuanaithe amach sa todhchaí freisin. Mar sin féin, fuarthas amach i dtaighde margaidh a rinneadh mar chuid den Tuarascáil ar Anailís ar Scileanna le haghaidh Tógáil Chónaithe & Iarfheistithe, 2023 go 2030 go raibh bacainní buana ag cur cosc ar scoláirí dara leibhéal gairmeacha a shaothrú san fhoirgníocht.

Léirigh an tuarascáil gur féidir le scoláirí, tuismitheoirí agus treoirchomhairleoirí íomhá chúng a bheith acu den tionscal tógála cionn is go síltear nach bhfuil ach obair "ar an láthair" i ndán dóibh. Agus tá tuairim ann i gcónaí gur fearr a oireann post san earnáil d'fhir, ach is é fírinne an scéil go bhfuil sé cuimsitheach agus inrochtana do gach duine, i ndáiríre.
Is feachtas ar na meáin shóisialta é Laochra Tógála atá dírithe ar an rud is gairm bheatha sa tógáil ann i ndáiríre.

Tá cuntas curtha le chéile againn ar scéalta san obair agus sa traenáil de chuid ár Laochra Tógála ar na meáin shóisialta le linn 2024 agus leanfaimid orainn á dhéanamh sin in 2025.

Is deis spreagúil é feiceáil an dóigh a bhfuil na daoine óga againn ag foghlaim chun cabhrú le tithe agus foirgnimh a chur ar fáil, rud a rachaidh chun tairbhe don tsochaí do na glúnta atá le teacht. Tá a fhios againn go bhfuil dul chun cinn mór déanta maidir le tithíocht le blianta beaga anuas. Tógadh níos mó ná 33,000 teach in 2023, agus tithíocht shóisialta a bhí in 12,000 acu sin. Agus muid ag iarraidh níos mó tithe a thógáil, caithfimid a chinntiú go bhfuil níos mó daoine ag obair sa tionscal. Má tá suim agat i ngairm bheatha na tógála, tá go leor bealaí féideartha chuig post do chuid brionglóidí.

Cuir aithne ar ár Laochra Tógála
Is féidir leat léamh faoi na Laochra Tógála againn agus a n-aistear anseo.
Is féidir leat a ndul chun cinn a leanúint ar chuntais mheán sóisialta Laochra Tógála:
Facebook Instagram TikTok LinkedIn
Is acmhainní iontacha iad na físeáin thíos chun aird a tharraingt ar na deiseanna san earnáil seo:

Building Heroes, Scéal Chatreen (4.24 nóim) - Chatreen O'Connor, a bhí ag déanamh staidéir ar Theilifís agus ar Scannánaíocht Dhigiteach sular shocraigh sí a bheith ina printíseach leictreora.

Building Heroes, Scéal Giselle (5.59mins) - Buail le Giselle Gallagher, a bhí ina scoláire ar scoláireacht rugbaí i Meiriceá ag déanamh staidéir ar an tsíceolaíocht sular fhill sí abhaile agus fuair sí post ag obair i ndéantúsaíocht tógála lasmuigh den láthair.

Building Heros, Scéal Liam (4.55 nóim) - Buail le Liam Roche, a d'imigh ón scoil tar éis a Theastais Shóisearaigh, ach atá anois ina Theicneolaí Ailtireachta BIM agus ina bhuaiteoir bonn WorldSkills.

Go raibh maith agaibh as an obair iontach atá idir lámha agaibh chun croí ár scoláirí a oscailt dá gcumas. Mar fhocal scoir ba mhaith linn comparáid a dhéanamh atá chomh hoiriúnach sin i dtéarmaí ár gcuid oibre leis na scoláirí.

Tá cupán caife agat nuair a thagann duine isteach agus buaileann sé isteach ionat nó croitheann tú do sciathán, rud a thugann ort do chaife a dhoirteadh i ngach áit.
Cén fáth ar dhoirt tú an caife?
"Toisc gur bhuail duine éigin isteach ionam!!"
An freagra mícheart.

Dhoirt tú an caife toisc go raibh caife i do chupán.
Dá mbeadh tae sa chupán, dhoirtfeá tae.
Pé rud atá istigh sa chupán is é sin an rud a dhoirtfidh amach.
Dá bhrí sin, nuair a chroitheann an saol tú (rud a THARLÓIDH), is cuma cad é atá taobh istigh tiocfaidh sé amach. Tá sé éasca dalla mullóg a chur ar dhaoine, go dtí go gcuirtear thú faoi bhrú.
Mar sin, caithfimid an cheist a chur orainn féin ... "Cad é atá i mo chupán?"
Nuair a éiríonn an saol crua, cad é a dhoirteann amach?

Áthas, buíochas, síocháin agus uirísle?
Fearg, searbhas, meon íospartaigh agus claonadh chun éirí as?
Soláthraíonn an saol an cupán; Is TUSA a roghnaíonn conas é a líonadh.
Inniu déanaimis obair i dtreo ár gcupán a líonadh le buíochas, maithiúnas, áthas, focail dearbhaithe, teacht aniar, dearfacht, agus cineáltas, modhúlacht agus grá do dhaoine eile.

~Thich Nhat Hanh~

Ag guí féile shuaimhneach agus íocshláinteach, líonlán le deiseanna chun do chupán a athlíonadh agus tú féin a ullmhú chun leanúint ar aghaidh ag spreagadh daoine eile a gcupán féin a líonadh sa bhliain amach romhainn. Go raibh an t-am seo lán le háthas, le scíth, agus an inspioráid go léir atá de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar 2025 le fuinneamh athnuaite.

Dóibh siúd a mbeadh suim acu iarratas a dhéanamh ar Thacaíocht Scoile ó Fhoireann Treorach Oide, déan nasc le bainistíocht do scoile chun iarratas a phróiseáil.

Má tá aon cheist agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn ag info@oide.ie

Beannachtai,
Foireann Treorach Oide

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers